

Polasaí Sábháilteachta

De bharr an Acht Sláinte agus Sábháilteacht 1989, tá sé tábhachtach go mbeadh an scoil sláintiúil agus sábháilte do gach éinne a théann isteach inti.

Cuirtear béim ar chúram speisialta le:

- Éadaí cosanta agus speaclaí cosanta.
- Úsáid uirlisí géara.
- Úsáid deiseanna leictreacha.
- Úsáid deiseanna gáis.
- Úsáid ceimicí.
- Corraí fearaistí.
- Fógraí sábháilteachta.

Nóta:

(i) Níl cead ag scoláirí na seomraí praiticiúla a úsáid ach amháin nuair atá an múinteoir i láthair.

(ii) Níl cead ag scoláirí innealra leictreach a úsáid ach amháin faoi amharc an mhúinteora.

Moltar do gach ball foirne:

- A bheith cúramach faoina chuid/cuid eochrachaí agus maoin phearsanta.
- Go bhfuil sé de dhualgas orthu, faoin Acht Sabháilteachta, aon rud contúirteach a thugann siad faoi deara timpeall na scoile a chur in iúl don Chomhordnóir Sábháilteachta nó don Phríomhoide.
- Gur cheart garchabhair a chur ar fáil láithreach má tharlaíonn timpiste.
- Má tá deacracht le seo, ba cheart comhairle agus cúnaimh a fháil óna gcomh-mhúinteoirí.
- Gur cheart scéal a chur chuig tuismitheoirí má cheapann siad go bhfuil gá leis.
- Gur cheart scéal a chur chuig an bPríomhoide nó chuig an Múiniteoir i bhFeighil.

Seomra Ranga:

Tá sé fíor-thábhachtach go gcoinneofar smacht sna seomraí go léir. Spreagann neamhshlachtmhaireacht drochmheas sna seomraí agus is mó seans atá ann ansin le damáiste a dhéanamh. Is mór an seans go ndéanfar dochar nuair:

- Atá rang sa seomra gan múinteoir.
- Nach bhfuil feitheoireacht á dhéanamh ar scoláirí.
- Atá fearaistí agus uirlisí fágtha thart gan tionlacan.
- Nach gcuirtear in iúl do scoláirí an seomra a fhágáil go néata agus in ord.
- A scaoiltear amach scoláirí roimh an am.

Moltar do mhúinteoirí agus do scoláirí na seomraí a fhágáil glan agus in ord ag deireadh gach rang agus a dhéanamh cinnte go mbeadh an seomra réidh don chéad rang eile.

Déanfar scrúdú míosúil ar sheomraí ranga, clós na scoile, &r1. ó thaobh sábháilteachta de.